# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2011

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 16 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH ROINN DE NA 5 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| ROINN 5 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ,
NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 5 mharc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'foilsiú' ná ______________________________

______________________________________________________________

**2.** Uaireanta tugann daoine faoin obair mar fhoinse do bhrí na beatha.

Ainmnigh foinse **eile** do bhrí na beatha. ______________________________

______________________________________________________________

**3.** Is í an tsainaicme Chríostaí is mó in Éirinn sa lá atá inniu ann ná — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Eaglais Anglacánach ☐ An Eaglais Mhodhach ☐ An Eaglais Chaitliceach Rómhánach ☐

**4.** Is soiscéal sionoptach é Soiscéal Eoin. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** I dtraidisiúin reiligiúnacha sampla amháin de ghairm is ea ______________________________

______________________________________________________________

**6.** Sampla amháin de pharabail a d'inis Íosa ná An Chaora ar Strae. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**7.** Is sampla amháin d'fháidh é Éilias a bhfuil baint aige le mór-reiligiún domhanda.

Ainmnigh fáidh **eile** a bhfuil baint aige le mór-reiligiún domhanda. ______________________

**8.** Ní féidir ach an t-aon bhrí amháin a bheith ag siombail. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**9.** Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Rinneadh paidir amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aici leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Ár nAthair/Paidir an Tiarna | An Búdachas |
| An Paritta | An Chríostaíocht |
| Na Sailm | An Hiondúchas |
| An Rig Veda | An tIoslamachas |
| An Shahada/Shahadah | An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Ár nAthair/ Paidir an Tiarna | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

**10.** Is é an dearcadh atá ag lucht an daonnachais ná ______________________________

__________________________________________________________________

**11.** Is é atá i gceist leis an aondiachas ná creideamh — (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Ina lán Déithe ☐ Gan Dia ar bith ☐ San aon Dia amháin ☐

**12.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'mímhorálta' ná ______________________

__________________________________________________________________

**13.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an t-ainm Nirbheána leis? (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An tIoslamachas ☐ An Giúdachas ☐

**14.** I dtraidisiúin reiligiúnach is é a chiallaíonn 'ceartas' ná ______________________________

__________________________________________________________________

**15.** In am Íosa ba é an Gobharnóir Rómhánach sa Phalaistín ná — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Peadar ☐ Pilib ☐ Píoláit ☐

**16.** Sampla amháin de shacraimint Chríostaí is ea an Baisteadh.

Ainmnigh sampla **eile** de shacraimint Chríostaí. ______________________________

**17.** Is é atá i gceist le caoinfhulaingt a thaispeáint ná meas a léiriú ar chreidimh éagsúla daoine eile. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**18.** Is é an dearcadh atá ag lucht an iolrachais ná ______________________________

__________________________________________________________________

**19.** I reiligiún domhanda is é atá i gceist le 'traidisiún' ná nós nuabhunaithe. (Cuir tic ✓sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**20.** Léigh liosta na dtéacsanna diaga agus liosta na reiligiún domhanda atá tugtha thíos. Meaitseáladh téacs diaga amháin le reiligún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Téacsanna Diaga* |
|---|
| Na Soiscéil |
| An Córán (Qu'ran) |
| An Tenakh |
| An Tripitika |
| Na Vedas |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Chríostaíocht |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

| | | |
|---|---|---|
| *Sampla:* | Na Soiscéil | An Chríostaíocht |
| *Freagra:* | | |

## ROINN 2

(30 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN DÍOBH. **(Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Is grianghraf é seo de dhaoine ag teacht le chéile do dhialóg idir-chreidmheach.**



*www.santegidio.org*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** as an ngrianghraf seo ina dtugtar le tuiscint gur sampla é de chomhthionól idir-chreidmheach.

____________________

____________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de dhialóg idir-chreidmheach.

____________________

____________________

____________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a nglacann baill de phobal creidimh páirt i ndialóg idir-chreidmheach.

i. ____________________

____________________

____________________

ii. ____________________

____________________

____________________

(6 mharc)

**Ceist 2. Tá an pictiúr seo bunaithe ar mhíorúilt Íosa iníon Iáras a thógáil.**



*www.qwickstep.com*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** ón bpictiúr seo a thugann le tuiscint go bhfuil sé bunaithe ar mhíorúilt Íosa iníon Iáras a thógáil.

____________________

____________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **eile** de mhíorúilt a rinne Íosa.

____________________

____________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a ndearna Íosa míorúiltí.

i. ____________________

____________________

____________________

ii. ____________________

____________________

____________________


(6 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| | + | = |
|---|---|---|

**Ceist 3. Is grianghraf é seo d'íocón reiligiúnach.**



*Curtha in oiriúint ó www.istok.net*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** ón ngrianghraf seo a thugann le tuiscint gur íocón reiligiúnach é seo.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Is sampla amháin de shiombail reiligiúnach é an t-íocón sa ghrianghraf seo. Ainmnigh sampla **eile** de shiombail reiligiúnach.

______________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht le siombail reiligiúnach do bhaill de phobal creidimh.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

**Ceist 4. Is grianghraf é seo de phóstaer do lá síochána.**




*Curtha in oiriúint ó www.teachpeace.com*

**A.** Roghnaigh ní **amháin** ón bpóstaer seo a thugann le tuiscint go bhfuil sé deartha chun daoine a spreagadh le hobair a dhéanamh ar son na síochána.

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**B.** Tabhair sampla **amháin** de bhealach ina n-oibríonn baill de phobal creidimh ar son na síochána.

______________________________

______________________________

______________________________

(2 mharc)

**C.** Luaigh **dhá** chúis a n-oibríonn baill de phobal creidimh ar son na síochána.

i. ______________________________

______________________________

______________________________

ii. ______________________________

______________________________

______________________________

(6 mharc)

# ROINN 3

(50 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 15 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN SLIOCHT SEO A LEANAS AS TIONSCADAL REILIGIÚNACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA UILE A LEANANN É.

Thug mé cuairt ar fheirm le déanaí a bhí faoi bhainistíocht oird rialta. Ba thaithí iontach é. Taispeánadh dúinn na hainmhithe uile ar an bhfeirm agus an chaoi a bhfástar na barra gan ceimiceáin a úsáid. I ndiaidh an turais timpeall na feirme d'imíomar isteach chuig seomra cruinnithe, áit ar labhair na daoine a bhí ag obair ar an bhfeirm linn faoin gcaoi ar thaitin sé leo a



bheith ina gcónaí gar don dúlra. Labhair siad linn faoin gcaoi ar chaith Íosa le gach duine, le haire agus le meas, agus an dualgas atá orainn uile aire a thabhairt don bheatha phlandúil, ainmhíoch agus dhaonna timpeall orainn. Cuireann siad fáilte roimh chuairteoirí chuig a bhfeirm chun daoine a spreagadh le maireachtáil sa chaoi ina léirítear meas ar gach cineál beatha atá sa domhan sa lá atá inniu ann. Thaispeáin siad pictiúir dúinn freisin faoin gcaoi ina bhfuil an domhan á thruailliú agus ina bhfuil daoine ag fáil bháis leis an ocras.

Baineadh siar asam nuair a chonaic mé an méid damáiste is féidir a dhéanamh nuair nach dtugann daoine aire don domhan a tugadh dúinn. Trí na rudaí a taispeánadh dúinn ar an bhfeirm d'fheicfeá go soiléir an chaoi ina bhfuil tionchar ag iompar gach duine ar dhaoine eile. Sular fhágamar an fheirm labhraíomar faoin gcaoi ina bhféadfadh gach duine dínn úsáid a bhaint as ár gcuid buanna ar bhealach a léireodh go bhfuil meas againn ar gach cineál beatha agus ina gcruthaítear áit níos fearr do gach duine ar domhan i.e. cur crann, ag gníomhú ar son carthanachta etc.



*Foinse de na ngrianghraf : www.more4kids.info; www.icip.blogspot.com*

**1.** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi inar féidir an ceangal idir gníomhaíochtaí agus torthaí *nó* cearta agus freagrachtaí a fheiceáil sa sliocht thuas.

(15 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**2.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist leis an téarma 'maoirseacht' ná ____________________

____________________

(5 mharc)

**3.** Déan cur síos ar **dhá** shampla inar féidir an chaoi ina gcleachtann daoine an mhaoirseacht a fheiceáil sa sliocht thuas.

i. ____________________

ii. ____________________

(14 mharc)

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ina bhféadfadh creideamh reiligiúnach duine an mhaoirseacht a spreagadh.

i. ____________________

ii. ____________________

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 55 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **CEITHRE** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 50 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'éacúiméineachas' ná ____________________

______________________________________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den éacúiméineachas a bhfuil staidéar déanta agat air.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)

c. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an éacúiméineachas do bhaill de phobal creidimh.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(12 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** a. Laistigh d'eagraíocht nó sainaicme reiligiúnach is é a chiallaíonn 'cliseadh pobail' ná

______________________________________________

______________________________________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhealach ina bhféadfaí cosc a chur ar chliseadh pobail laistigh d'eagraíocht reiligiúnach nó de shainaicme reiligiúnach.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________


______________________________________________

(16 mharc)

## Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** Ainmnigh an mhuir atá marcáilte a) agus an abhainn atá marcáilte b) ar léarscáil na Palaistíne thíos:

a) Muir ______________________



b) Abhainn ______________________

*Curtha in oiriúint ó Saint Mary's Press*

(6 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**B.** Déan cur síos ar eachtra ó shaol Íosa a luaitear le **ceann** de na háiteanna atá ainmnithe agat ar léarscáil na Palaistíne thuas.

________________ (*Ainm na hÁite*)

(18 marc)

**C.** a. Sa traidisiún Críostaí is é a chiallaíonn 'íobairt' ná ________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi inar féidir an íobairt a fheiceáil in eachtra **amháin** ó shaol Íosa.

(21 mharc)

**Ceist 3.** BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh teideal a thugtar do cheannaire reiligiúnach sa reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas. ______________________

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shampla den obair a dhéanann ceannaire sa reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas.

i. ______________________

ii. ______________________

(20 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**B.** a. Ainmnigh áit **amháin** oilithreachta a bhaineann leis an reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis thuas. ______________________________

(5 mharc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht leis an áit oilithreachta atá ainmnithe agat thuas do bhaill an reiligiúin dhomhanda a mbaineann sí leis.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(20 marc)

## Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'ildiachas' ná ______________________________

(5 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** de chaoi inar féidir leat an t-ildiachas a fheiceáil i reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

______________________________

(15 mharc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**B.** a. i. AINDIACHAS ii. AGNÓISEACHAS

Déan cur síos ar a bhfuil i gceist le **gach** ceann de na téarmaí atá ar an liosta thuas.

i.

ii.

(10 marc)

b. Mínigh conas a d'fhéadfadh go mba dhúshlán do chreideamh reiligiúnach duine aindiachas *nó* agnóiseachas.

(20 marc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** Bíonn amanna éagsúla le haghaidh urnaí ag na mór-reiligiúin dhomhanda gach lá nó gach seachtain.

Déan cur síos ar an rud a tharlaíonn le linn gnáth-am urnaí a bhaineann le mór-reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

_______________

*(Reiligiún Domhanda)*

(12 mharc)

**B.** a. RINNFHEITHEAMH ☐ ACHAINÍ ☐

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na cineálacha urnaí thuas.

Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist leis an gcineál urnaí ar chuir tú tic leis thuas.

(10 marc)

b. Déan scrúdú ar **dhá** bhealach ina bhfuil tábhacht leis an gcineál urnaí ar chuir tú tic leis thuas do bhaill de reiligiún domhanda.

i.



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

ii.

(14 mharc)

**C.** Mínigh **dhá** chúis a mbeadh sé deacair do dhaoine urnaí a dhéanamh.

i.

ii.

(14 mharc)

**Ceist 6.** DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.**
- TEAGHLACH
- CAIRDE
- SCOIL

Roghnaigh **dhá** cheann díobh seo thuas agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ina bhféadfadh tionchar a bheith ag gach ceann díobh ar an tuairim atá ag duine ar a bhfuil ceart agus mícheart.

i.

ii.

(14 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

a. Ainmnigh cód morálta **amháin** a bhaineann leis an reiligiún domhanda ar chuir tú tic leis.

(5 mharc)

b. Déan cur síos ar an gcaoi ina bhféadfadh cód morálta duine a threorú agus cinneadh morálta á dhéanamh aige/aici.

(15 mharc)

c. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist le **dhá** chéim eile den phróiseas a n-imeodh duine tríd agus cinneadh morálta á dhéanamh aige/aici.

i.

ii.

(16 mharc)

## ROINN 5

(70 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 70 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1.**

Samhlaigh go bhfuil tú ag scríobh ailt d'iris scoile maidir leis an gcaoi a n-eagraítear pobal creidimh. Tabhair breac-chuntas ar an rud ba chóir duit a scríobh maidir le heagrú pobal creidimh faoi na ceannteidil seo a leanas:

i. CUMARSÁID    ii. FÍS.

**Ceist 2.**

- CUIMHNEACHÁN
- MISEAN

Scrúdaigh an pháirt a bhí ag eispéireas ceann **amháin** díobh sin thuas i bhforbairt na chéad phobail Chríostaí.

**Ceist 3.**

Tá tú ar cuairt chuig cara leat agus tá féile reiligiúnach á ceiliúradh. Tabhair breac-chuntas ar a dtarlaíonn le linn ceiliúradh féile reiligiúnaí a bhaineann le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus mínigh na cúiseanna a bhfuil an fhéile á ceiliúradh sa lá atá inniu ann:

- AN BÚDACHAS
- AN HIONDÚCHAS
- AN tIOSLAMACHAS
- AN GIÚDACHAS

**Ceist 4.**

Tá páirt á glacadh agat i ndíospóireacht scoile maidir leis na dúshláin atá ann don chreideamh reiligiúnach in Éirinn sa lá atá inniu ann. Tabhair breac-chuntas ar a ndéarfá maidir leis an gcaoi ina bhféadfadh **gach** ceann díobh seo a leanas a bheith mar dhúshlán do chreideamh reiligiúnach duine:

i. ÁBHARACHAS    ii. DÍ-EAGLAISEACHAS

**Ceist 5.**

Déan próifíl den ionchur atá déanta maidir le hurnaí a thuiscint ag duine **amháin** a bhfuil baint aige/aici le traidisiún spioradálta reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Ceist 6.**

- LIOBRAÍOCHAS
- BUNÚSAÍOCHAS REILIGIÚNACH

Déan comparáid idir an chaoi ina bhfuil an gaol idir dlí na tíre agus reiligiún na tíre le feiceáil de réir **gach** ceann de na dearcthaí thuas.

DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO dTUGANN TÚ UIMHIR NA CEISTE
ATÁ Á FREAGAIRT AGAT SA SPÁS THÍOS.

**Roinn 5.** Ceist ___



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(70 marc)

Leathanach Bán